ESB NETWORKS

# BUNTÁISTÍ AN CHLÁIR NÁISIÚNTA UM MÉADRÚ CLISTE

Mar chuid den Phlean Gnímh don Aeráid, tá ESB Networks chun gach méadar leictreachais in Éirinn a uasghrádú idir seo agus 2024. Gheobhaidh gach teach, feirm agus gnóthas méadar cliste nua saor in aisce, a thabharfaidh buntáistí do chustaiméirí, don chomhshaol agus don gheilleagar ó 2021 ar aghaidh.



## Éire Níos Glaise, Níos Inbhuanaithe

Cabhróidh gach méadar cliste le gach uile dhuine againn a bheith níos tíosaí ar fhuinneamh agus níos lú dochair a dhéanamh don chomhshaol de réir mar a dhéanfaimid dul chun cinn i dtreo saol ar bheag-astú carbóin.

## Eolas Níos Fearr

Tabharfaidh an méadar cliste eolas níos cruinne duit maidir leis an bhfuinneamh a úsáideann tú, rud a chuirfidh ar do chumas d'ídiú fuinnimh a bhainistiú ar bhealach níos fearr. I dtrialacha, laghdaigh tomhaltóirí a dtomhaltas suas le 3%, agus suas le 8% le linn buaicuaireanta.






## Slán Le Billí Measta

Cumasóidh na méadair chliste billeáil níos cruinne, rud a fhágann go mbeidh ré an léimh de láimh agus an bhille mheasta nach mór thart.

## Seirbhís Níos Fearr Do Chustaiméirí

Cuirfidh na méadair chliste nua ar chumas ESB Networks fabhtanna a aimsiú níos tapa agus bainistiú níos éifeachtaí a dhéanamh ar an líonra leictreachais. Beidh sé níos éasca duit do sholáthraí leictreachais a athrú agus bogadh chuig áitreabh nua freisin.





## Seirbhísí Cliste

Tosóidh comhlachtaí soláthair leictreachais ag cur táirgí agus seirbhísí cliste nua ar fáil a thabharfaidh roghanna níos fearr duit agus a ligfidh duit níos mó leictreachais a úsáid ag na hamanna den lá a mbíonn sé níos saoire.

Ní ghearrfar aon táille bhreise ort as uasghrádú do mhéadair. Amhail cláir eile uasghrádaithe méadar, tá an costas san áireamh sna táillí a íocann tú cheana féin as an líonra leictreachais a úsáid.

## SONRAÍ TEAGMHÁLA ESB NETWORKS:

Líne Theileafóin maidir leis an Méadar Cliste
1800 928 123 / 01 6985005

R-phost: esbnetworks@esb.ie

Gréasán: esbnetworks.ie/smartmeter